2027.M121S1T

2027L572G1IS1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
## Sampla 1

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | **Ceisteanna Éigeantacha**<br>Ceist 1 - Freagair gach cuid den cheist.<br>Ceist 2 - Fócas staidéir roghnach - Freagair gach cuid den cheist. | 100 marc |
| **Roinn B** | **An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh**<br>Ceist 3 - Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais - Freagair 3(a) nó 3(b).<br>Ceist 4 - Scannánaíocht Dualgais - Freagair 4(a) nó 4(b). | 160 marc |
| **Roinn C** | **Machnamh agus Freagairt**<br>Ceist 5 - Freagair 5(a) nó 5(b). | 40 marc |

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Féadfaidh sé nach mbeidh ort úsáid a bhaint as an spás go léir atá curtha ar fáil. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**

**Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid, pionsail dathadóireachta san áireamh, ach amháin le haghaidh sceitsí nó líníochtaí. Ná húsáid marcóirí, péint ná aon mheáin fhliucha.**

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Ceisteanna Éigeantacha | 100 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(60 marc)**


Freagair gach cuid den cheist.

**(a)**

Taispeántar san íomhá thíos leagan amach ar stáitse traidisiúnta a bhfuil forstua air. Tá cúl an stáitse agus an lucht féachana marcáilte.

Lipéadaigh go cuí sa léaráid a thugtar thíos **cúig** cinn ar bith de na suíomhanna stáitse seo a leanas:

- Lárstáitse (LS)
- Chun tosaigh (CT)
- Ar chúl (AC)
- Taobh deas an stáitse (TDS)
- Taobh clé an stáitse (TCS)
- Ar chúl ar chlé (ACAC)
- Chun tosaigh ar dheis (CTAD).




*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)**

Mínigh an fáth a mbainfí úsáid as ceann **amháin** de na teicnící eagarthóireachta seo a leanas i scannán:

- Eagarthóireacht chomhuainíochta

**nó**

- Tobghearradh.

| Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cé acu atá i gceist i do fhreagra, eagarthóireacht chomhuainíochta **nó** tobghearradh.<br>eagarthóireacht chomhuainíochta ☐ tobghearradh ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)**

Íomhá as *Dancing at Lughnasa* le Brian Friel atá i bh**Fíor A** ar Pháipéar X.

Ainmnigh **agus** mínigh **dhá** ghné den *mise en scène* atá á léiriú i bh**Fíor A**.

| Gné 1: |
|---|
| Míniú: |
| |
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| Míniú: |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)**

Luaigh **dhá** chúis a n-úsáidtear treoracha stáitse san amharclannaíocht.

| |
|---|
| 1: |
| |
| |
| 2: |
| |
| |

**(e)**

Íomhá as an scannán *Little Miss Sunshine* atá i bh**Fíor B** ar Pháipéar X.



Mínigh **dhá** bhealach a n-úsáidtear dathanna go héifeachtach sa radharc atá á léiriú san íomhá sin.



| |
|---|
| 1: |
| |
| |
| |
| |
| 2: |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcead leathanach eile*

**(f)**

Sainaithin na seatanna ceamara i n**gach** ceann de na híomhánna seo thíos:

| | |
|---|---|
|  |  |
| Seat: | Seat: |

| | |
|---|---|
|  |  |
| Seat: | Seat: |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(g)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ar féidir feisteas a úsáid chun rud éigin faoi charachtar a chur in iúl don lucht féachana.

| |
|---|
| 1: |
| |
| |
| |
| 2: |
| |
| |
| |

**(h)**

Mínigh ról **gach** ceann de na cleachtóirí seo a leanas:

cineamatagrafaí stiúrthóir páirteanna

| |
|---|
| Cineamatagrafaí: |
| |
| |
| |

| |
|---|
| Stiúrthóir páirteanna: |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcead leathanach eile*

**(i)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ar féidir leis an lucht féachana cur le léiriú amharclannaíochta.

| |
|---|
| 1: |
| |
| |
| |
| |
| 2: |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 2** **Fócas staidéir roghnach** **(40 marc)**

Freagair gach cuid den cheist.

| |
|---|
| Tabhair do d'aire:<br>Ar mhaithe leis an measúnú i g**Ceist 2**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha roghnacha a ndéantar staidéar orthu san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht araon.<br>**Agus tú ag freagairt na ceiste seo, ní ceadmhach tagairt do dhrámaí ná do scannáin dualgais a bhfuil staidéar agus scrúdú le déanamh orthu in 2027 san ábhar seo ná in aon ábhar eile san Ardteistiméireacht.**<br>Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith. |

**(a)** **Drámaíocht/amharclannaíocht roghnach**

**(i)** Cuir in iúl cén fócas staidéir roghnach atá agat sa drámaíocht/san amharclannaíocht agus déan cur síos ar theicníc **amháin** a bhaineann leis an bhfócas staidéir sin.

**(ii)** Mínigh an fáth, dar leat, a n-úsáidtear an teicníc sin san fhócas staidéir a cuireadh in iúl i gcuid **(i)**. Bíodh sampla agat as léiriú drámaíochta/amharclannaíochta **amháin** a ndearna tú staidéar air san fhócas staidéir seo chun tacú le do mhíniú.

| Fócas staidéir roghnach sa drámaíocht/san amharclannaíocht: |
|---|
| |

| (i) |
|---|
| |
| |
| |

| (ii) |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcead leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** **Scannánaíocht roghnach**

**(i)** Ainmnigh d'fhócas staidéir roghnach sa scannánaíocht agus sainaithin sampla **amháin** d'athúsáid prapaí **nó** fuaime san fhócas staidéir sin.

**(ii)** Mínigh an fáth, dar leat, a raibh an prapa **nó** an fhuaim sin éifeachtach. Bíodh tagairt agat do shampla as scannán **amháin** a ndearna tú staidéar air san fhócas staidéir seo chun tacú le do mhíniú.

| Fócas staidéir roghnach sa scannánaíocht: |
|---|

| Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cé acu prapaí **nó** fuaim atá i gceist i do fhreagra.<br>prapaí ☐ fuaim ☐ |
|---|
| (i) |
| |
| |

| (ii) |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

## Roinn B — An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh — 160 marc

Freagair **Ceist 3** Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais, agus **Ceist 4** Scannánaíocht Dualgais.

Tabhair do d'aire:
Ar mhaithe leis an measúnú i **Roinn B**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha dualgais a ndearna tú staidéar orthu san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht araon.

Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith.

**Ceist 3** — **Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais**

Freagair 3(a) **nó** 3(b).

Fócas staidéir: **Stíl** - Stáitsiú nach bhfuil chun tosaigh — **Dráma Dualgais:** *Mosquitoes*

Fócas staidéir: **Seánra** - Greanntraigéide — **Dráma Dualgais:** *The Shadow of a Gunman*

Fócas staidéir: **Stíl** - Gnéithe léiriúcháin neamhnádúraíocha — **Dráma Dualgais:** *Tóraíocht*

**(a)** Freagair cuid (i), (ii) **agus** (iii). **(80 marc)**

**(i)** Cuir in iúl cén fócas staidéir atá agat sa drámaíocht/san amharclannaíocht dualgais. Ainmnigh agus mínigh saintréith **amháin** a bhaineann le d'fhócas staidéir agus tú ag úsáid sampla **amháin** as an léiriú ainmnithe den dráma dualgais.

**(ii)** Mínigh saintréith **amháin** eile a bhaineann leis an bhfócas staidéir seo agus tú ag úsáid samplaí as dráma **amháin** eile ar a laghad as d'fhócas staidéir.

**(iii)** Mínigh an tionchar ar an lucht féachana a d'fhéadfadh a bheith ag aon cheann **amháin** de na saintréithe a shainaithin tú i gcuid **(i) nó (ii)** den cheist seo.

**NÓ**

**(b)** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas: (i) **nó** (ii) **nó** (iii). **(80 marc)**

**(i)** Tá seit deartha agat don léiriú atá do ghrúpa drámaíochta áitiúil a dhéanamh de dhráma Lucy Kirkwood, *Mosquitoes*. Is é stíl an léiriúcháin ná Stáitsiú nach bhfuil chun tosaigh.

Déan sceitse de **dhá** ghné de do dhearadh don seit agus lipéadaigh iad. Agus tú ag tagairt do do sceitse, mínigh an tslí a bhfuil an **dá** ghné lipéadaithe de do sheit difriúil leis an seit a dhear Katrina Lindsay don léiriú ainmnithe. Cuirfidh an íomhá i bh**Fíor C** ar Pháipéar X seit Katrina Lindsay i gcuimhne duit.

*Leantar den cheist seo ar an gcead leathanach eile*

**NÓ**

**(ii)** Tá páirt Donal Davoren agat sa léiriú atá do ghrúpa drámaíochta áitiúil a dhéanamh de *The Shadow of a Gunman*, dráma le Seán O'Casey. Rinne Marty Rea an pháirt sin sa léiriú ainmnithe den dráma sin.
Sainaithin **dhá** ghné de léiriú Marty Rea sa pháirt sin agus mínigh an tslí a bhfuil na gnéithe sin ina ngnéithe tipiciúla den fhócas staidéir seo. Tabhair breac-chuntas ar an tslí a bhféadfadh tionchar a bheith ag na gnéithe sin ar do léiriú féin i bpáirt Donal **nó** ar an tslí nach mbeadh tionchar acu ar do léiriú féin i bpáirt Donal.

**NÓ**

**(iii)** Sainaithin **trí** 'ghné léiriúcháin neamhnádúraíocha' a úsáidtear sa léiriú ainmnithe de *Tóraíocht* le Philip O'Doherty, arna stiúradh ag Mikel Murfi, **agus** mínigh an fáth, dar leat, a gcuireann **nó** nach gcuireann na gnéithe léiriúcháin neamhnádúraíocha sin le mealltacht an léirithe.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

Ná scríobh ar an leathanach seo.

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 4** **Scannánaíocht Dualgais**

Freagair (a) **nó** (b).

Fócas staidéir: **Stíl** - Stíl stiúrthóireachta Steven Spielberg **Scannán:** *Jaws*
Fócas staidéir: **Seánra** - Cineama Ealaíne na hEorpa **Scannán:** *An Cailín Ciúin*
Fócas staidéir: **Seánra -** Rómáns **Scannán:** *Past Lives*

**(a)** **(80 marc)**

Cuir in iúl cén fócas staidéir atá agat sa scannánaíocht dualgais. Pléigh an ról atá ag an bhfeisteas **agus** ag an seit sa scannán dualgais agus i scannán **amháin** eile ar a laghad san fhócas staidéir seo. Bíodh samplaí ar leith agat as na scannáin a bhfuil tú ag tagairt dóibh chun tacú le do phlé.

**NÓ**

**(b)** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas: (i) **nó** (ii) **nó** (iii). **(80 marc)**

**(i)** Déan plé ar an gcaoi a gcruthaíonn Steven Spielberg teannas ina chuid scannán. Bíodh **dhá** shampla ar a laghad agat as *Jaws* i do fhreagra agus sampla **amháin** as scannán eile san fhócas staidéir seo.

**NÓ**

**(ii)** Déan plé ar úsáid an tsuímh i gCineama Ealaíne na hEorpa. Bíodh **dhá** shampla ar a laghad as *An Cailín Ciúin* sa phlé agat agus sampla **amháin** as scannán eile san fhócas staidéir seo.

**NÓ**

**(iii)** Déan plé ar an gcaoi a gcuirtear an ceangal mothúchánach idir carachtair in iúl in *Past Lives* agus i scannán Rómáns **amháin** eile. Bíodh **dhá** shampla ar a laghad as *Past Lives* sa phlé agat agus sampla **amháin** as an scannán Rómáns eile.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir (✓) tic sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir (✓) tic sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

| Roinn C | Machnamh agus Freagairt | 40 marc |
|---|---|---|

**Ceist 5**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(40 marc)**

*Is féidir réimse de mhothúcháin chumhachtacha, amhail eagla, fearg, suaitheadh, sult, áthas, a spreagadh i lucht féachana agus iad ag féachaint ar léiriú beo nó ar scannán ar scáileán.*

Ainmnigh léiriú amharclannaíochta beo **nó** taispeántas scannáin i bpictiúrlann a chonaic tú le linn do chuid staidéir ar an Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht.

Sainaithin an príomh-mhothúchán a bhraith tú le linn an léirithe amharclannaíochta sin nó le linn an scannán a bheith á thaispeáint, agus mínigh an tslí ar spreag gné **amháin** den léiriú an fhreagairt mhothúchánach sin. Bíodh tagairt agat don léiriú amharclannaíochta beo **nó** don scannán a taispeánadh sa phictiúrlann mar thaca le do mhíniúchán.

**NÓ**

**(b)** **(40 marc)**

*Aithnítear go forleathan go mbíonn comhoibriú fairsing ag baint le léiriúchán scannánaíochta agus amharclannaíochta a n-éiríonn go maith leo.*

Cén fáth, dar leat, a bhfuil sé tábhachtach timpeallacht comhoibre a fhorbairt nuair a bhíonn saothar amharclannaíochta nó scannánaíochta á chruthú? Bíodh **dhá** shampla agat as do ghníomhaíocht sna Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCF-anna) ar do chúrsa chun tacú le do fhreagra.

| Cuir (✓) tic sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.<br>5(a) ☐ 5(b) ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá

á (bh)freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá

á (bh)freagairt agat.

## Spás le haghaidh obair gharbh

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

Admhálacha

Ceist 1(c). **Fíor A.** Íomhá shocair as *Dancing at Lughnasa* le Brian Friel. Creidiúint: @tworivertheater/Instagram https://www/irelandbeforeyoudie.com/the-10-best-irish-plays-youneed-to-see-before-you-die. Accessed on 19.02.2025.
Ceist 1(e). **Fíor B.** Íomhá shocair as *Little Miss Sunshine (2006), Fox Searchlight Pictures.* https://www.imdb.com/title/tt0449059/mediaviewer/rm1597450240/?ref_=ext_shr_lnk Arna rochtain ar 19.02.2025.
Ceist 1(f). Na híomhánna: https://movingimageeducation.org/create-films/production/camera/shot-types. Arna rochtain ar 22.10.2024.
Ceist 3(b). **Fíor C.** Íomhá shocair as *Mosquitoes* le Lucy Kirkwood, arna stiúradh ag Rufus Norris don National Theatre, Londain. https://www.imdb.com/title/tt0032138/mediaviewer/rm3447292928/?ref_=ext_shr_lnk. Arna rochtain ar 19.02.2025.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad